BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

22 Feabhra 2022*

“Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Neamhspleáchas na mbreithiúna – An dara fomhír d’Airteagal 19(1CAE – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Tosaíocht dhlí an Aontais – Easpa dlínse cúirte náisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht le dlí an Aontais maidir le reachtaíocht náisiúnta a mheastar a bheith i gcomhréir leis an mBunreacht ag cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann – Imeachtaí araíonachta”

I gcás C-430/21,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Curtea de Apel Craiova (an Chúirt Achomhairc, Craiova, an Rómáin), trí hbreith an 7 Iúil 2021, a fuarthas sa Chúirt an 14 Iúil 2021, sna himeachtaí a thionscain

**RS**

Tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. K. Lenaerts, Uachtarán, M. L. Bay Larsen (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, C. Lycourgos, E. Regan, S. Rodin, I. Ziemele agus J. Passer, Uachtaráin na nDlísheomraí, F. Biltgen, P. G. Xuereb, N. Piçarra, L. S. Rossi, N. Wahl, D. Gratsias agus M. L. Arastey Sahún, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins,

Cláraitheoir: M. C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, agus tar éis éisteacht an 23 Samhain 2021,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha i scríbhinn arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Rómáine dá ndéanann E. Gane, L. Lițu agus L.-E. Bațagoi ionadaíocht i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó M. Manolache,

– Rialtas na Beilge, dá ndéanann L. Van den Broeck, M. Jacobs agus C. Pochet ionadaíocht i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na hÍsiltíre, dá ndéanann M.K. Bulterman agus J. Langer ionadaíocht i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Rómáinis

– an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann P.J.O. Van Nuffel, I. Rogalski agus K. Herrmann, ionadaíocht, i gcáil Gníomhaire,

tar éis éisteacht le tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 20 Eanáir 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léirmhíniú Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt").

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí a thionscain RS ag cur i gcoinne na tréimhse ama chun déileáil le himeachtaí coiriúla tar éis gearán a bheith taiscthe ag a bhean chéile.

### An dlí lena mbaineann

#### *Bunreacht na Rómáine*

3 Foráiltear le hAirteagal 148(2) agus (4) de Constituția României (Bunreacht na Rómáine):

"(2) Tar éis an aontachais, beidh forlámhas ag forálacha na gConarthaí ag bunú an Aontais Eorpaigh agus ag rialacha Comhphobail ceangailteacha eile ar fhorálacha atá ar neamhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, forálacha i gcomhréir le forálacha na hIonstraime Aontachais.

[...]

(4) Áiritheoidh an Pharlaimint, Uachtarán na Rómáine, an Rialtas agus an t-údarás breithiúnach go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an Ionstraim Aontachais agus as forálacha mhír 2."

[aistriúchán neamhoifigiúil]

#### *Cód an nós imeachta coiriúil*

4 Foráiltear le hAirteagal 488a den *codul de procedură* (Cód an Nós Imeachta Coiriúil) go bhféadfar agóid a dhéanamh ag iarraidh imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh a bhrostú ar a laghad bliain amháin tar éis tús a chur leis na himeachtaí coiriúla sin.

5 De bhun Airteagal 488e den chód sin, ní mór don chúirt atá freagrach as cearta agus saoirsí nó don chúirt a bhfuil dlínse aici, measúnú a dhéanamh ar réasúntacht fhad na n-imeachtaí coiriúla, agus roinnt eilimintí a leagtar amach san fhoráil sin á gcur san áireamh.

6 Foráiltear le hAirteagal 488f(1) den chód sin, i gcás ina measann sé go bhfuil bunús maith leis an agóid, nach mór don bhreitheamh um chearta agus saoirsí cinneadh a dhéanamh i leith na tréimhse ar laistigh di nach mór don ionchúisitheoir poiblí rialú a thabhairt ar an gcás os a chomhair.

***Gníomh Uimh. 303/2004***

7 Leagtar síos in Airteagal 99(ș), Legea nr. 303/2004 privind statutul judecătorilor și procurorilor (Gníomh Uimh. 303/2004 maidir le rialacha lena rialaítear breithiúna agus ionchúisitheoirí), an 28 Meitheamh 2004 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 826 an 13 Meán Fómhair 2005), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('Gníomh Uimh. 303/2004'), *inter alia*, gurb ionann neamhchomhlíonadh bhreithiúnais Curtea Constituțională (cúirt bhunreachtúil na Rómáine) agus cion araíonachta.

**Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú**

8 Tugadh imeachtaí coiriúla i gcoinne RS; ciontaíodh é ag deireadh na n-imeachtaí sin.

9 An 1 Aibreán 2020, thaisc bean chéile RS gearán coiriúil, ag líomhain, *inter alia*, sáruithe maidir le mí-úsáid próise agus drochúsáid oifige arna ndéanamh ag ionchúisitheoir poiblí agus beirt bhreithiúna le linn na n-imeachtaí coiriúla sin.

10 Ós rud é gur bhain an gearán sin, go háirithe, le breithiúna, tagann an scrúdú air faoi inniúlacht Secția pentru Investigarea Infracțiunilor din Justiție (an Roinn um Imscrúdú Cionta arna dhéanamh laistigh den chóras breithiúnas; "SIIJ"), a bunaíodh laistigh de Pharchetul de pe lângă Înalta Curte de Casație și Justiție (Oifig Ionchúisimh na hArd-Chúirte um Achomharc agus um Cheartas, an Rómáin). Le hordú an 14 Aibreán 2020, thionscain ionchúisitheoir poiblí de chuid SIIJ imeachtaí coiriúla i gcoinne na mbreithiúna dá dtagraítear sa ghearán sin mar gheall ar, *inter alia*, cionta líomhaintí i leith mí-úsáid próise agus drochúsáid oifige.

11 An 10 Meitheamh 2021, thionscain RS caingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur, dá bhforáiltear in Airteagal 488a den Chód um Nós Imeachta Choiriúil, ag iarraidh agóid a dhéanamh i gcoinne fhad iomarcach na n-imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh tar éis an ghearáin sin agus ag iarraidh ar an gcúirt sin teorainn ama a shonrú ar laistigh di nach mór don ionchúisitheoir poiblí rialú a thabhairt ar an gcás.

12 Measann an chúirt sin, chun rialú a thabhairt ar an gcaingean sin, nach mór di an reachtaíocht náisiúnta lenar bunaíodh SIIJ a scrúdú.

13 Tugann an chúirt sin dá haire gur rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin maidir le ceisteanna a bhaineann leis an reachtaíocht náisiúnta sin i mbreithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus Eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393).

14 Luaigh an chúirt a rinne an tarchur go leanann sé, *inter alia*, ón mbreithiúnas sin nach mór dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do rannóg speisialaithe d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí a chruthú le hinniúlacht eisiach chun cionta arna ndéanamh ag breithiúna agus ag ionchúisitheoirí a imscrúdú, gan údar a bheith le cruthú roinne den sórt sin de bharr ceanglais

oibiachtúla agus infhíoraithe a bhaineann le dea-riarachán an cheartais, agus nach mbeidh ráthaíochtaí sonracha ag gabháil léi. Ní mór go bhfágfar leis na ráthaíochtaí sin go bhféadfar, ar an gcéad dul síos, aon riosca a sheachaint go n-úsáidfí an roinn sin mar bhealach chun rialú polaitiúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí sin lena bhféadfaí difear a dhéanamh dá neamhspleáchas agus, ar an dara dul síos, a áirithiú go bhféadfar an inniúlacht eisiach sin a fheidhmiú i ndáil leis na breithiúna agus na hionchúisitheoirí sin agus na ceanglais a eascraíonn as Airteagail 47 agus 48 den Chairt á gcomhlíonadh go hiomlán.

15 Ina theannta sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur chinn an Chúirt, i mír 7 den chuid oibríochtúil den bhreithiúnas thuasluaite, nach mór prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta le stádas bunreachtúil Ballstáit, mar a léirmhínigh cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin, ar dá réir nach ligtear do chúirt níos ísle a dhiúltú d'fhoráil den dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm a thagann faoi raon feidhme Chinneadh 2006/928/CE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2006 lena mbunaítear sásra comhair agus fíorúcháin ar dhul chun cinn sa Rómáin chun aghaidh a thabhairt ar thagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éillithe (IO L 354, 14.12.2006, lch. 56) i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte a mheasann sé a bheith contrártha don chinneadh sin agus don dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE.

16 Tagraíonn an Chúirt a rinne an tarchur, ar bhonn níos leithne, do chásdlí socair na Cúirte ar dá réir atá aon chúirt náisiúnta faoi oibleagáid a dhiúltú, sa díospóid atá os a comhair, d'aon fhoráil den dlí náisiúnta atá contrártha d'fhoráil de dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici, agus do chineál ceangailteach breithiúnas in imeachtaí réamhrialaithe arna dtabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais, a chur i bhfeidhm.

17 Maidir leis sin, luaigh an chúirt a rinne an tarchur go bhforáiltear in Airteagal 148(2) agus (4) de Bhunreacht na Rómáine do thosaíocht rialacha dhlí an Aontais.

18 Mar sin féin, thug an chúirt sin dá haire gur dhiúltaigh an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil), le breithiúnas Uimh. 390/2021 an 8 Meitheamh 2021, don phléadáil maidir le neamhbhunreachtúlacht a ardaíodh i ndáil le roinnt forálacha den reachtaíocht lena rialaítear SIIJ mar phléadáil gan bhunús.

19 Sa bhreithiúnas sin, luaigh an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil) *inter alia*, ar an gcéad dul síos, a mhéid atá an tosaíocht a thugtar do dhlí an Aontais Eorpaigh a aithnítear i ndlíchóras teoranta de bharr an cheanglais i leith féiniúlacht bhunreachtúil náisiúnta a urramú, go bhfuil sé de chúram uirthi ardcheannasacht Bhunreacht na Rómáine ar chríoch na Rómáine a áirithiú. Dá bhrí sin, measann an chúirt sin, cé go dtugtar de chumhacht do ghnáthchúirt scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht forála reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais, níl sé de chumhacht ag an gcúirt sin scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht le dlí an Aontais i leith foráil náisiúnta ar dhearbhaigh an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil) a bheith de réir Airteagal 148 de Bhunreacht na Rómáine.

20 Ina theannta sin, dar leis an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil), tá pointe 7 den chuid oibríochtúil de bhreithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus Eile* (C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393), gan bhunús i bhfianaise Bhunreacht na Rómáine. Cé go gcumhdaítear le hAirteagal 148 den bhunreacht sin tosaíocht dhlí an Aontais maidir le forálacha na reachtaíochta náisiúnta a thagann salach ar a chéile, ní hionann tuarascálacha arna ndéanamh de bhun

Chinneadh 2006/928, de bhua a n-ábhar agus a n-éifeachtaí, agus rialacha de dhlí an Aontais nach mór don chúirt náisiúnta a chur i bhfeidhm mar ábhar tosaíochta, agus diúltú do riail náisiúnta chontrártha a chur i bhfeidhm.

21 Ar deireadh, shoiléirigh an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil) i mbreithiúnas Uimh. 390/2021 an 8 Meitheamh 2021, dá ndiúltódh roinnt cúirteanna ar a n-údarás féin, do riail náisiúnta a mheas siad a bheith contrártha do dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm, cé go gcuirfeadh cúirteanna eile na forálacha céanna i bhfeidhm ag glacadh leis go mbeadh siad comhsheasmhach le dlí an Aontais, bhainfí an bonn go mór den deimhneacht dhlíthiúil, a d'fhágfadh go sárófaí prionsabal an smachta reachta.

22 Sa chomhthéacs sin, mheas an chúirt a rinne an tarchur nach mór cinneadh a dhéanamh an gá cásdlí an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil), dá bhforáiltear i ndlí na Rómáine, nó cásdlí na Cúirte, a chomhlíonadh, d'fhonn cinneadh a dhéanamh an dtugtar de chumhacht di scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúint na reachtaíochta lena mbunaítear SIIJ le dlí an Aontais.

23 Ina theannta sin, thug an chúirt a rinne an tarchur dá haire, i gcás ina gcinneann sí cásdlí na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh, trí mheasúnú a dhéanamh ar chomhoiriúint na reachtaíochta le dlí an Aontais, go mbeadh na breithiúna lena mbaineann gan chosaint ar imeachtaí araíonachta agus go bhféadfaidís iad a chur ar fionraí ón oifig, ós rud é gur cion araíonachta, faoi dhlí na Rómáine, atá i neamhchomhlíonadh chinneadh an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil). Chuir an chúirt a rinne an tarchur amhras in iúl maidir le comhoiriúnacht le dlí an Aontais, go háirithe le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, i ndáil le reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear smachtbhannaí araíonachta a fhorchur ar bhreitheamh a scrúdaigh, i gcomhréir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, an chomhoiriúnacht le dlí an Aontais d'fhoráil náisiúnta de shárú ar chinneadh ó chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann.

24 Ina theannta sin, is léir ó fhaisnéis a foilsíodh sa phreas agus ó shonraí atá ar fáil ón Curtea de Apel Pitești (an Chúirt Achomhairc, Pitești, an Rómáin) go bhfuil imeachtaí araíonachta tosaithe cheana féin in aghaidh breitheamh a chinn in imeachtaí atá inchomparáide leis na himeachtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí, go bhfuil reachtaíocht na Rómáine lenar bunaíodh SIIJ contrártha do dhlí an Aontais. De réir na cúirte a rinne an tarchur, tá amhras ann faoi chomhoiriúnacht na n-imeachtaí araíonachta sin le dlí an Aontais.

25 Sna himthosca sin, chinn an Curtea de Apel Craiova (An Chúirt Achomhairc, Craiova, an Rómáin) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:

« 1) An gcuirtear bac le Prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, atá cumhdaithe sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus Airteagal 47 de [an Chairt] ar fhoráil náisiúnta [amhail] Airteagal 148(2) de Bhunreacht na Rómáine, arna léiriú ag an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil [...]) ina breithiúnas Uimh. 390/2021 [an 8 Meitheamh 2021], ar foráil í nach dtugtar de chumhacht do chúirteanna náisiúnta scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht forála náisiúnta le dlí an Aontais, ar foráil í a fuarthas a bheith comhsheasmhach leis an mBunreacht le breithiúnas ón Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil)?

2) An gcuirtear bac le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, atá cumhdaithe sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus Airteagal 47 de [an Chairt] ar fhoráil náisiúnta amhail Airteagal 99(ș) de [Gníomh Uimh. 303/2004], lena gceadaítear imeachtaí araíonachta a thionscnamh agus pionós araíonachta a fhorchur ar bhreitheamh as mainneachtain bhreithiúnas an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil) a chomhlíonadh, i gcás ina n-iarrtar ar an gcúirt sin tosaíocht a thabhairt do dhlí an Aontais ar fhorais bhreithiúnas an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil), cé go bhfágfaí le forail an dlí náisiúnta gan an fhéidearthacht breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chur i bhfeidhm a mheasann an Chúirt a bheith mar thosaíocht aici?

3) An gcuirtear cosc le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, atá cumhdaithe sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus Airteagal 47 de [an Chairt] ar chleachtas breithiúnach náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar bhreitheamh cásdlí na Cúirte Breithiúnais [...] a chur i bhfeidhm in imeachtaí coiriúla amhail an agóid maidir le fhad réasúnta na n-imeachtaí coiriúla, [dá dtagraítear in] Airteagal 488a de [an Cód um Nós Imeachta Coiriúil], faoi phian dliteanais araíonachta?

Nós imeachta os comhair na Cúirte

26 D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go ndéileálfar leis an tarchur chun réamhrialú faoin nós imeachta práinne nó, mar mhalairt air sin, faoin nós imeachta brostaithe, dá bhforáiltear in Airteagal 23a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

27 Mar thaca leis an iarraidh sin, luaigh an chúirt a rinne an tarchur go mbaineann an cás as a n-eascraíonn an tarchur reatha chun réamhrialú lena mbaintear an bonn go tromchúiseach de neamhspleáchas chúirteanna na Rómáine agus gur dócha go mbeidh tionchar ag an éiginnteacht a bhaineann leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí ar fheidhmiú an chórais um chomhar breithiúnach a bunaíodh leis an sásra réamhrialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE.

28 Maidir leis an iarraidh ar an nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm, sa chéad áit, chinn an Chéad Dlísheomra den Chúirt, an 30 Iúil 2021, ar thogra ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, gan an iarraidh sin a dheonú.

29 Maidir leis an iarraidh ar an nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm, sa dara háit, is ceart a choinneáil i gcuimhne go bhforáiltear le hAirteagal 105(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ar iarratas ón gcúirt nó ón mbinse a rinne an tarchur, nó, go heisceachtúil, uaidh féin, go bhféadfaidh Uachtarán na Cúirte a chinneadh, i gcás go n-éilíonn nádúr an cháis go ndéileálfar leis laistigh d'achar gearr ama, agus, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go gcuirfear nós imeachta brostaithe i bhfeidhm maidir le tarchur chun réamhrialú.

30 An 12 Lúnasa 2021, chinn Uachtarán na Cúirte, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an iarraidh a dheonú go ndéileálfar leis an tarchur reatha chun réamhrialú faoin nós imeachta brostaithe.

31 I gcás ina n-ardaítear le cás éiginnteachtaí tromchúiseacha a dhéanann difear do shaincheisteanna bunúsacha maidir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta agus dlí an Aontais, d'fhéadfadh sé gur ghá, ag féachaint do chúinsí sonracha cáis den sórt sin, déileáil leis laistigh d'achar gearr ama, i gcomhréir

le hAirteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta (ordú Uachtarán na Cúirte an 19 Deireadh Fómhair 2018, *Wightman agus Eile*, C-621/18, nár foilsíodh, EU:C:2018:851, mír 10 agus an cásdlí a luaitear)

32 I bhfianaise na tábhachta bunúsaí don Rómáin agus do dhlíchóras an Aontais Eorpaigh maidir leis na ceisteanna a bhaineann leis an gcaidreamh idir gnáthchúirteanna agus cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin, chomh maith le prionsabal an neamhspleáchais bhreithiúnaigh agus tosaíocht dhlí an Aontais a tógadh sa chás seo, b'amhlaidh go gcuirfear deireadh leis na héiginnteachtaí tromchúiseacha dá mbeadh freagra laistigh d'achar gearr ama ón gCúirt, lena dtabharfaí údar chun déileáil leis an gcás sin faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 105(1) de na Rialacha Nós Imeachta.

## Breithniú na gceisteanna a tarchuireadh

### *An chéad cheist*

33 De réir a céad cheiste, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus le hAirteagal 47 den Chairt, a léirmhíniú amhail go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta lena dtugtar le tuiscint nach bhfuil sé de chumhacht ag gnáthchúirteanna Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais a chinn cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin a bheith comhsheasmhach le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

34 Mar réamhphointe, a mhéid a bhaineann an chéad cheist le léirmhíniú Airteagal 47 den Chairt, ní mór a chur in iúl go nglactar leis go bhfuil aitheantas ar an gceart chun leighis éifeachtaigh, i gcás ar leith, go bhfuil an duine a dhéanann an agairt ag brath ar chearta nó ar shaoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *État luxembourgeois (an ceart caingean a thabhairt i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis i gcúrsaí cánach)*, C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 55, agus an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 41) nó go bhfuil an duine sin faoi réir imeachtaí arb ionann iad agus cur chun feidhme dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 204).

35 Ní léir ón ordú tarchuir, áfach, go bhfuil RS ag brath ar cheart a thugtar dó faoi fhoráil de dhlí an Aontais, nó go bhfuil sé faoi réir imeachtaí arb ionann iad agus cur chun feidhme dhlí an Aontais.

36 Sna himthosca sin, níl Airteagal 47 den Chairt infheidhme sa chás sin sna príomhimeachtaí.

37 É sin ráite, ós rud é go gceanglaítear ar gach Ballstát, sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, leigheasanna a sholáthar atá leordhóthanach chun a áirithiú, sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, go ndéanfar cosaint éifeachtach bhreithiúnach, de réir bhrí Airteagal 47 den Chairt go háirithe, a chur san áireamh go cuí chun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léiriú (breithiúnas an 20 Aibreán 2021, *Repubblika*, C-896/19, EU:C:2021:311, mír 45 agus an cásdlí a luaitear).

38 Maidir leis an gcaidreamh idir gnáthchúirteanna agus cúirt bhunreachtúil de chuid Ballstáit, atá ina ábhar den chéad cheist, is ceart a choinneáil i gcuimhne, cé go dtagann eagrú ceartais sna Ballstáit, lena n-áirítear bunú, comhdhéanamh agus feidhmiú cúirte bunreachtúla, faoi inniúlacht na mBallstát sin, go bhfuil sé de cheangal orthu, mar sin féin, i bhfeidhmiú na hinniúlachta sin, a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus, go háirithe, Airteagail 2 agus 19 CAE a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún v an Pholainn (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, C-619/18, EU:C:2019:531, mír 52, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 216).

39 Maidir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 19 CAE, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear de chúram ar na cúirteanna náisiúnta agus ar na binsí náisiúnta agus ar an gCúirt cur i bhfeidhm iomlán dhlí an Aontais a áirithiú sna Ballstáit uile agus an chosaint bhreithiúnach a fhaigheann daoine aonair ón dlí sin (breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún v an Pholainn (neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, C-619/18, EU:C:2019:531, mír 47, chomh maith le breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C- 357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 217].

40 I gcomhréir le cásdlí socair, chun an chosaint sin a ráthú, ní mór do gach Ballstát a áirithiú, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, go gcomhlíonann na comhlachtaí a n-iarrtar orthu, mar 'chúirt nó mar bhinse' de réir bhrí dhlí an Aontais, rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm nó a léirmhíniú agus a thagann, dá bhrí sin, faoina chóras leigheasanna dlíthiúla sna réimsí atá cumhdaithe faoi dhlí an Aontais, ceanglais na cosanta breithiúnaí éifeachtaí a chomhlíonadh, lena n-áirítear, go háirithe, cosaint neamhspleách (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, míreanna 220 agus 221 agus an cásdlí a luaitear).

41 Tá dhá ghné leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna, a eascraíonn as an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá de chineál seachtrach, ar an gcúirt lena mbaineann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go hiomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach nó faoi smacht aon chomhlacht eile agus gan orduithe nó treoracha a ghlacadh ó fhoinse ar bith, agus leis sin chosnófaí an chúirt in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú lenar dócha go gcuirfí as do bhreithiúnas neamhspleách a comhaltaí agus go mbeadh tionchar ag an méid sin ar a cinntí. Don ghné sin, is gá go mbeadh neamhchlaontacht agus easpa leasa i dtoradh na n-imeachtaí ann, seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta (féach, chuige sin, breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún v an Pholainn (neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, C-619/18, EU:C:2019:531, míreanna 72 agus 73 agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C- 840/19, EU:C:2021:1034, mír 224).

42 I gcomhréir le prionsabal dheighilt na gcumachtaí atá ina shainghné den smacht reachta, ní mór neamhspleáchas na gcúirteanna a áirithiú i ndáil leis an reachtas agus an bhfeidhmeannas (breithiúnais an 19 Samhain 2019 *A.K agus Eile (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982, mír 124, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 228).

43 Mar a luadh i mír 38, áfach, i ndáil le heagrú an cheartais, ní cheanglaítear le hAirteagal 2 CAE ná leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, ná le foráil ar bith eile de dhlí an Aontais, ar Bhallstáit córas bunreachtúil ar leith a ghlacadh chun caidreamh agus idirghníomhaíocht idir brainsí éagsúla an Stáit a rialú, go háirithe maidir le sainmhíniú agus teorannú a n-inniúlachtaí. Go deimhin, faoi Airteagal 4(2) CAE, ní mór don Aontas Eorpach féiniúlachtaí náisiúnta na mBallstát, a théann lena struchtúir pholaitiúla agus bhunreachtúla, a urramú. Agus a gcóras bunreachtúil á roghnú acu, áfach, ní mór do Bhallstát an ceanglas, go háirithe, i leith na cúirteanna a bheith neamhspleách a eascraíonn ó fhorálacha dhlí an Aontais a luaitear thuas (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 229 agus an cásdlí a luaitear.)

44 Sna himthosca sin, ní chuirtear cosc le hAirteagal 2 agus leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus le Cinneadh 2006/928 ar rialacha nó chleachtas náisiúnta faoina bhfuil cinntí na cúirte bunreachtúla de cheangal ar na gnáthchúirteanna, ar choinníoll go ráthaítear leis an dlí náisiúnta neamhspleáchas na cúirte bunreachtúla sin, go háirithe ón reachtas agus ón bhfeidhmeannas, mar a cheanglaítear leis na forálacha sin. Mura ráthaítear an neamhspleáchas sin leis an dlí náisiúnta, áfach, cuirtear cosc leis na forálacha sin de dhlí an Aontais na rialacha náisiúnta nó an cleachtas náisiúnta sin, de bharr nach bhfuil sé de chumas ar an gcúirt bhunreachtúil sin cosaint éifeachtach bhreithiúnach a áirithiú mar a cheanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C- 840/19, EU:C:2021:1034, mír 230.

45 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, nach gcuirtear cosc leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, faoi réir an amhrais a luaitear sa mhír roimhe seo, ar rialacha nó chleachtas náisiúnta faoina bhfuil gnáthchúirteanna de chuid Ballstáit, faoin dlí bunreachtúil náisiúnta, faoi cheangal cinneadh ó chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin lena gcinntear go bhfuil an reachtaíocht náisiúnta de réir bhunreacht an Bhallstáit sin.

46 Mar sin féin, ní hamhlaidh atá sé, agus na rialacha nó an cleachtas náisiúnta sin á gcur i bhfeidhm, i gcás go n-eisítear aon dlínse de chuid na ngnáthchúirteanna sin ó mheasúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais ar chinn cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin go bhfuil sé comhsheasmhach le foráil náisiúnta bhunreachtúil lena bhforáiltear do thosaíocht dhlí an Aontais.

47 Ina cásdlí socair maidir le Conradh CEE, chinn an Chúirt, murab ionann agus conarthaí idirnáisiúnta caighdeánacha, bunaíodh le Conarthaí an Chomhphobail dlíchóras nua, arna gcomhtháthú i gcórais dlí na mBallstát ar theacht i bhfeidhm na gConarthaí atá ina cheangal ar a gcúirteanna. Chuir na Ballstáit, sna réimsí a shainmhínítear sna Conarthaí, srian lena gcearta ceannasacha, ar mhaithe lena n-insitiúidí féin a bheith sa dlíchóras nua sin agus a bhfuil mar ghéillsinigh ann, ní hamháin na Ballstáit, ach a náisiúnaigh leis (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Feabhra 1963, *van Gend & Loos*, 26/62, EU:C:1963:1, lch. 23; an 15 Iúil 1964, *Costa*, 6/64, EU:C:1964:66, lgh. 1158 agus 1159; agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 245).

48 Dá réir sin, i mbreithiúnas an 15 Iúil 1964, *Costa*, 6/64, EU:C:1964:66, lgh. 1158 go 1160), chinn an Chúirt go gciallaítear, le dlíchóras féin an Chomhphobail a bhunú le Conradh CEE, arna ghlacadh ag na Ballstáit ar bhonn cómhalartachta, nach féidir leo tús áite a thabhairt, mar atoradh, do bheart aontaobhach arna ghlacadh ina dhiaidh sin thar an gcóras dlí sin nó nach féidir leo brath ar rialacha ar bith de chuid an dlí náisiúnta i gcoinne an dlí a eascraíonn ó Chonradh CEE, gan baint ó nádúr an dara ceann acu sin mar dhlí Comhphobail agus gan bunús dlí féin an

Chomhphobail a chur faoi cheist. Ina theannta sin, chuir an Chúirt i dtreis nach féidir le feidhm fheidhmeannach dhlí an Chomhphobail a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát i gcead do dhlíthe náisiúnta ina dhiaidh sin, gan baint amach chuspóirí Chonradh CEE a chur i mbaol nó gan bheith ina chúis le hidirdhealú ar fhorais náisiúntachta a thoirmeasctar leis an gConradh sin (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 246).

49 Lena chois sin, maidir leis na gnéithe ríthábhachtacha sin a bhaineann le dlíchoras an Aontais agus an tábhacht i ndáil le déanamh de réir an dlíchorais sin, mar a ceanglaíodh iad, rinneadh iad a dheimhniú, gan chuntar, ar na Conarthaí lena leasaítear Conradh CEE a dhaingniú, go háirithe Conradh Liospóin. Nuair a glacadh an conradh sin, bhí comhdháil ionadaithe rialtais na mBallstát go mór ag iarraidh a rá go sainráite, ina Dearbhú Uimh. 17 maidir le tosaíocht, atá ina cheangal le hIonstraim Chríochnaitheach na comhdhála idir-rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin (IO 2012 C 326, lch. 346 go bhfuil "i gcomhréir le cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go bhfuil tosaíocht ag na Conarthaí agus ag an dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí ar dhlí na mBallstát, faoi na coinníollacha a shainmhínítear leis an gcásdlí [sin]" (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021 *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 248).

50 Tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, dheimhnigh an Chúirt go minic an cásdlí roimhe seo maidir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, prionsabal lena gceanglaítear ar chomhlachtaí uile na mBallstát éifeacht iomlán a thabhairt d'fhorálacha éagsúla an Aontais agus ní féidir le dlí na mBallstát an bonn a bhaint don éifeacht a thugtar do na forálacha éagsúla sin i gcríoch na Stát sin (breithiúnas an 21 Nollaig 2021 *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 250 agus an cásdlí a luaitear).

51 I bhfianaise an chásdlí, de bhua phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ní féidir ligean do spleáchas Ballstáit ar rialacha náisiúnta, fiú más ordú bunreachtúil atá ann, an bonn a bhaint d'aontacht agus d'éifeachtúlacht dhlí an Aontais. I gcomhréir le cásdlí socair, tá feidhm ag éifeachtaí phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais maidir le comhlachtaí uile de chuid Ballstáit, gan cosc a chur ar an méid sin, *inter alia*, le forálacha an dlí náisiúnta, lena n-áirítear forálacha bunreachtúla (breithiúnais an 17 Nollaig 1970, *Internationale Handelsgesellschaft*, 11/70, EU:C:1970:114, mír 3, agus an 21 Nollaig 2021 *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 251).

52 Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil dlínse ag an gCúirt amháin an léirmhíniú cinntitheach a thabhairt ar dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *Poblacht na Moldóive*, C 741/19, EU:C:2021:655, mír 45), is faoin gCúirt atá sé, i bhfeidhmiú na dlínse sin, raon feidhme phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a shoiléiriú i bhfianaise fhorálacha ábhartha an dlí sin, agus mar thoradh air sin ní bhraitheann an raon feidhme ar léiriú fhorálacha an dlí náisiúnta ná ar léiriú fhorálacha dhlí an Aontais ag cúirt náisiúnta a bheidh ag teacht salach ar léiriú na Cúirte (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021 *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 254).

53 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, *inter alia*, i gcomhréir le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, go bhfuil sé de dhualgas ar an gcúirt náisiúnta a n-iarrtar uirthi laistigh d'fheidhmiú a dlínse forálacha de dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm, i gcás nach féidir léi an dlí náisiúnta a léirmhíniú de réir cheanglais dhlí an Aontais, éifeacht iomlán a thabhairt do cheanglais dhlí an Aontais sa díospóid atá os a comhair, diúltú, mar is gá, uaithi féin, d'aon riail nó chleachtas náisiúnta, fiú má ghlactar iad ina dhiaidh sin, a bheith contrártha le forálacha de chuid dhlí an Aontais a bhfuil

éifeacht dhíreach aici, gan bheith uirthi iarraidh a dhéanamh go gcuirfí an dlí nó cleachtas náisiúnta sin ar leataobh nó gan bheith uirthi fanacht ar an gcéanna tríd an dlí nó trí mhodh bunreachtúil eile (féach, chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal*, 106/77, EU:C:1978:49, mír 24; an 24 Meitheamh 2019, *Popławski*, C 573/17, EU:C:2019:530, míreanna 61 agus 62; agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C- 379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 252).

54 Mar a meabhraíodh i mír 39 thuas, ní mór comhlíonadh iomlán na hoibleagáide sin i leith aon fhoráil de dhlí an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach aici a mheas mar riachtanas chun cur chun feidhme iomlán dhlí an Aontais sna Ballstáit uile a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 19(1) CAE.

55 Tá comhlíonadh na hoibleagáide sin riachtanach freisin chun urramú chomhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí a áirithiú, lena gcuirtear cosc ar an bhféidearthacht brath ar, i gcoinne dhlíchóras an Aontais, beart aontaobhach, cibé nádúr a bheidh leis (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C- 357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 249) agus is ionann an méid sin agus léiriú ar phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 4(3) CAE, lena gceanglaítear go ndiúltaítear d'aon fhoráil den dlí náisiúnta atá contrártha, cibé acu atá an dara ceann acu sin sula raibh éifeacht dhíreach ag dlíchóras an Aontais nó ina dhiaidh sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Meán Fómhair 2010, *Winner Wetten*, C-409/06, EU:C:2010:503, mír 55, agus an 21 Eanáir 2021, *Whiteland Import Export*, C-308/19, EU:C:2021:47, mír 31).

56 Sa chás seo, d'fhonn rialú ar an gcás sna príomhimeachtaí, measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór di comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta lena mbunaítear SIIJ a mheas i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus leis na tagarmharcanna sonracha i réimsí an athchóirithe bhreithiúnaigh agus an chomhraic i gcoinne an éilithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/928.

57 Sna himthosca sin, is tábhachtach a chur san áireamh, sa chéad áit, gur chinn an Chúirt cheana féin go dtagann reachtaíocht náisiúnta den sórt sin faoi raon feidhme Chinneadh 2006/928 agus nach mór di, mar sin, na ceanglais a eascraíonn ó dhlí an Aontais a chomhlíonadh, agus go háirithe ó Airteagail 2 agus 19(1) CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Bealtaine, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus Eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, míreanna 183 agus 184).

58 Sa dara háit, leagtar amach an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE agus na tagarmharcanna a luaitear i mír 56 thuas i dtéarmaí soiléire agus beachta agus níl siad faoi réir aon choinníollacha agus dá bhrí sin tá éifeacht dhíreach acu (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus Eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, míreanna 249 agus 250 agus breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C- 357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 253)

59 I bhfianaise an mhéid sin, murar féidir na forálacha náisiúnta a léirmhíniú ar bhealach a bhfuil de réir an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE nó na dtagarmharcanna sin, ní mór do ghnáthchúirteanna na Rómáine diúltú do na forálacha náisiúnta sin a chur i bhfeidhm uathu féin.

60 I ndáil leis sin, is fíor go bhfuil, mar riail, faoin gcreat dlíthiúil náisiúnta ábhartha arna shonrú ag an gcúirt a rinne an tarchur, dlínse ag na gnáthchúirteanna sin comhoiriúnacht fhorálacha reachtaíochta na Rómáine a mheas i gcomhréir le forálacha sin de dhlí an Aontais, gan orthu iarraidh chuige sin a dhéanamh chun na cúirte bunreachtúla náisiúnta.

61 Is léir ón ordú tarchuir, áfach, go mbaintear an dlínse sin ó na gnáthchúirteanna i gcás go gcinneann an chúirt bhunreachtúil náisiúnta go bhfuil na forálacha reachtaíochta faoi cheist de réir foráil bhunreachtúil náisiúnta lena bhforáiltear do thosaíocht dhlí an Aontais, a mhéid a cheanglaítear ar na cúirteanna sin breithiúnas na cúirte bunreachtúla sin a chomhlíonadh.

62 Sa chomhthéacs sin, ní mór a chur san áireamh gur cuid dhílis d’fheidhm Chúirteanna an Aontais Eorpaigh í an chumhacht a ghníomhú chun an méid atá riachtanach chun reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta a chur ar leataobh, ar cumhacht í a d’fhéadfadh cosc a chur ar éifeachtacht iomlán na rialacha a bhfuil éifeacht dhíreach acu ar dhlí an Aontais Eorpaigh, tráth chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh, arb é atá sa chúirt náisiúnta atá freagrach as na rialacha sin a chur i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha a dlínse, agus mar thoradh air sin, go mbeidh feidhmiú na cumhachta sin ina ráthaíocht go bunúsach ar neamhspleáchas na mbreithiúna dá bhforáiltear sa dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE. (féach chuige sin, Breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 257).

63 Dá bhrí sin, ní bheadh sé ag luí leis na ceanglais dhílse a bhaineann le dlí an Aontais go mbeadh aon reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta a d’fhéadfadh éifeachtacht dhlí an Aontais a laghdú trí bhac a chur ar an gcúirt náisiúnta a bhfuil de chúram uirthi an dlí sin a chur i bhfeidhm, tráth atá sé á chur i bhfeidhm aici, a cumas a ghníomhú chun a mhéid atá riachtanach chun foráil nó cleachtas náisiúnta a d’fhéadfadh cosc a chur ar éifeacht iomlán de rialacha an Aontais a bhfuil éifeacht dhíreach acu a chur i leataobh (féach chuige sin, breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal*, 106/77, EU:C:1978:49, mír 22, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 258). B’amhlaidh an cás dá mba rud é, i gcás coinbhleachta idir foráil de dhlí an Aontais agus dlí náisiúnta, go raibh réiteach na coinbhleachta sin forchoimeádta d’údarás lena rogha féin seachas don chúirt a n-iarrtar uirthi cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a áirithiú (féach chuige sin, Breithiúnais an 9 Márta 1978, *Simmenthal*, 106/77, EU:C:1978:49, mír 23, agus an 22 Meitheamh 2010, *Melki agus Abdeli*, C-188/10 agus C-189/10, EU:C:2010:363, mír 44).

64 Thairis sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne go mbeartaítear leis an sásra réamhrialaithe a bunaíodh le hAirteagal 267 CFAE, de réir cásdlí socair, a áirithiú go mbeidh an éifeacht chéanna ag dlí an Aontais i ngach Ballstát sna himthosca uile agus, ar an gcaoi sin, éagsúlachtaí sa léirmhíniú ar dhlí an Aontais a sheachaint, ar éagsúlachtaí iad nach mór do na cúirteanna náisiúnta a chur i bhfeidhm agus féachaint lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad. Chuige sin, cuirtear ar fáil leis an Airteagal sin, bealach don chúirt náisiúnta chun deireadh a chur leis na deacrachtaí a d’fhéadfadh eascairt as an gceanglas go dtabharfaí éifeacht iomlán do dhlí an Aontais i gcomhthéacs chórais bhreithiúnacha na mBallstát. Dá bhrí sin, tá an chumhacht is leithne ag na cúirteanna náisiúnta, agus fiú tá sé d'oibleagáid orthu, ábhar a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, má mheasann siad go n-ardaítear i gcás atá ar feitheamh os a gcomhair ceisteanna a bhaineann le léirmhíniú nó measúnú ar bhailíocht fhorálacha dhlí an Aontais lena n-éilítear cinneadh uathu (Breithiúnas an 16 Nollaig 2021, *AB agus Eile (cúlghairm mhaithiúnais)*, C-203/20, EU:C:2021:1016, mír 49 agus an cásdlí a luaitear).

65 Dá bhrí sin, bheadh éifeachtacht an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta a bunaíodh leis an sásra réamhrialaithe agus, dá bhrí sin, éifeacht dhlí an Aontais i mbaol dá mbeadh mar thoradh ar agóid i gcoinne neamhbhunreachtúlachta os comhair cúirt bhunreachtúil Ballstáit an chúirt náisiúnta ar tugadh díospóid arna rialú ag dlí an Aontais os a comhair a dhíspreagadh ón lánrogha a fheidhmiú nó, de réir mar a bheidh, an oibleagáid a chomhlíonadh faoi Airteagal 267 CFAE ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léirmhíniú nó le bailíocht forála de dhlí an Aontais chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil foráil den dlí náisiúnta comhréireach le dlí an Aontais (féach, chuige sin, Breithiúnais an 22 Meitheamh 2010, *Melki agus Abdeli*, C-188/10 agus C-189/10, EU:C:2010:363, mír 45; an 5 Iúil 2016, *Ognyanov*, C-614/14, EU:C:2016:514, mír 25, agus an 23 Samhain 2021, *IS (neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir)*, C-564/19, EU:C:2021:949, mír 73).

66 I gcás go gcinneann cúirt bhunreachtúil Ballstáit go bhfuil forálacha reachtacha comhsheasmhach le foráil bhunreachtúil náisiúnta lena bhforáiltear do thosaíocht dhlí an Aontais, chuirfeadh riail nó cleachtas náisiúnta amhail an ceann a luaitear i mír 61 thuas bac ar éifeachtacht iomlán rialacha dhlí an Aontais atá i gceist, a mhéid a chuirfeadh sé cosc ar an ngnáthchúirt cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a áirithiú trí mheasúnú a dhéanamh í féin ar chomhoiriúnacht na bhforálacha reachtacha sin le dlí an Aontais.

67 Dá gcuirfí riail nó cleachtas den sórt sin i bhfeidhm, bhainfí an bonn freisin d'éifeachtacht an chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta arna bunú leis an sásra réamhrialaithe, tríd an ngnáthchúirt a n-iarrtar uirthi rialú ar an díospóid a dhíspreagadh ó chinneadh a dhéanamh ar an díospóid ó tharchur iarraidh ar réamhrialú a dhéanamh chun na Cúirte le réamhrialú a dhéanamh, chun cinntí chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann a chomhlíonadh.

68 Tá na torthaí a leagtar amach sna míreanna roimhe seo níos ábhartha fós amhail an cás dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur ina ndiúltaítear le breithiúnas ó chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit i dtrácht éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas ar réamhrialú arna thabhairt ag an gCúirt, ag brath, *inter alia*, ar fhéiniúlacht bhunreachtúil an Bhallstáit sin agus ar an mbreithniú gur sháraigh an Chúirt a dlínse.

69 I ndáil leis sin, is fíor gur féidir iarraidh ar an gCúirt, faoi Airteagal 4(2) CAE, a chinneadh nach ndéantar le hoibleagáid faoi dhlí an Aontais neamhaird ar fhéiniúlacht náisiúnta de chuid Ballstáit (féach, chuige sin, breithiúnais an 17 Iúil 2014, *Torresi*, C-58/13 agus C-59/13, EU:C:2014:2088, mír 58, agus an 5 Meitheamh 2018, *Coman agus Eile*, C-673/16, EU:C:2018:385, mír 46).

70 Os a choinne sin, níl sé de chuspóir ná d'éifeacht ag an bhforáil sin go n-údarófaí léi do chúirt bhunreachtúil de chuid Ballstáit, de shárú ar a hoibleagáidí faoi dhlí an Aontais, diúltú do riail dlí de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, ar an bhforas go mbaintear leis an riail sin an bonn ó fhéiniúlacht náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann arna sainmhíniú ag an gcúirt bhunreachtúil náisiúnta.

71 Má mheasann cúirt bhunreachtúil Bhallstáit go sáraítear le foráil de dhlí tánaisteach an Aontais, arna léirmhíniú ag an gCúirt, an oibleagáid i leith fhéiniúlacht náisiúnta an Bhallstáit sin a urramú, ní mór di bac a chur ar a himeachtaí agus tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt chun bailíocht na forála sin a mheas i bhfianaise Airteagal 4(2) CAE, ós rud é nach bhfuil dlínse ach ag an gCúirt a dhearbhú go bhfuil gníomh de chuid an Aontais neamhbhailí (féach,

chuige sin, breithiúnais an 22 Deireadh Fómhair 1987, *Foto-Frost*, 314/85, EU:C:1987:452, mír 20, agus an 3 Deireadh Fómhair 2013, I*nuit Tapiriit Kanatami agus Eile v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-583/11 P, EU:C:2013:625, mír 96).

72 Ina theannta sin, ós rud é, mar a tugadh le fios i mír 52 den bhreithiúnas seo, go bhfuil dlínse eisiach ag an gCúirt léirmhíniú cinntitheach a thabhairt ar dhlí an Aontais, ní féidir le cúirt bhunreachtúil Bhallstáit, ar bhonn a léirmhínithe féin ar fhorálacha dhlí an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 267 CFAE, a chinneadh go bailí go bhfuil breithiúnas tugtha ag an gCúirt a théann lasmuigh dá dlínse agus, dá bhrí sin, diúltú d'éifeacht a thabhairt do réamhrialú arna thabhairt ag an gCúirt sin.

73 I ndáil leis sin, ní mór a chur in iúl gurb é an nós imeachta um tharchur chun réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE bunchloch chóras breithiúnach an Aontais a bhunaítear leis na Conarthaí lena dtionscnaítear idirphlé idir cúirt amháin agus cúirt eile, go háirithe idir an Chúirt Bhreithiúnais agus cúirteanna agus binsí na mBallstát, arb é is aidhm dó aontacht maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais a áirithiú, agus ar an gcaoi sin a chomhsheasmhacht, a lánéifeacht agus a uathriail a áirithiú agus, ar deireadh, cineál sonrach an dlí arna bhunú leis na Conarthaí (féach, chuige sin, Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*) an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, mír 176, agus breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Consorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799, mír 27).

74 Tá breithiúnas a thugtar sna himeachtaí sin ina cheangal ar an gcúirt náisiúnta maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais chun an díospóid atá os a comhair a réiteach (féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Feabhra 1977, *Benedetti*, 52/76, EU:C:1977:16, mír 26, agus an 11 Nollaig 2018, *Weiss agus Eile*, C-493/17, EU:C:2018:1000, mír 19).

75 Dá bhrí sin, ní mór don chúirt náisiúnta, tar éis di an lánrogha a thugtar di leis an dara mír d'Airteagal 267 CFAE a fheidhmiú, neamhaird a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar chinntí cúirte náisiúnta níos airde má mheasann sí, ag féachaint don léirmhíniú a thabharfaidh an Chúirt, nach bhfuil na cinntí sin comhsheasmhach le dlí an Aontais, trí fheidhm a bhaint, más gá, as an riail náisiúnta lena gceanglaítear uirthi cinntí na cúirte níos airde sin a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2010, *Elchinov*, C-173/09, EU:C:2010:581, míreanna 30 agus 31).

76 De réir chásdlí na Cúirte tá feidhm ag an réiteach sin freisin i gcás ina bhfuil gnáthchúirt faoi cheangal, de bhua riail náisiúnta nós imeachta, cinneadh ó chúirt bhunreachtúil náisiúnta a mheasann sí a bheith contrártha do dhlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Eanáir 2013, *Križan agus Eile*, C-416/10, EU:C:2013:8, mír 71).

77 Ina theannta sin, i gcás ina dtugtar leis an léirmhíniú a thugann an Chúirt ar riail de dhlí an Aontais, i bhfeidhmiú na dlínse a thugtar di le hAirteagal 267 CFAE, soiléiriú agus sainmhíniú, nuair is gá, ar bhrí agus ar raon feidhme na rialach sin de réir mar is gá nó mar cheart í a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ón tráth a tháinig sí i bhfeidhm (féach, chuige sin, breithiúnais an 27 Márta 1980, *Denkavit italiana*, 61/79, EU:C:1980:100, mír 16, agus an 18 Samhain 2021, *État belge (oiliúint píolótaí)*, C-413/20, EU:C:2021:938, mír 53), ní mór a mheas go bhfuil gá le gnáthchúirt, chun lánéifeachtacht rialacha dhlí an Aontais a áirithiú, neamhaird a thabhairt, i ndíospóid os a comhair, ar mheasúnú ar chúirt bhunreachtúil náisiúnta a dhiúltaíonn d'éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas arna thabhairt mar thoradh ar réamhrialú ag an gCúirt Bhreithiúnais, fiú i gcás nach n-eascraíonn an breithiúnas sin ó iarraidh ar réamhrialú arna déanamh, i ndáil leis an díospóid sin, ag an ngnáthchúirt sin.

78 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta lena dtugtar le tuiscint nach bhfuil sé de chumhacht ag gnáthchúirteanna Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht le dlí an Aontais maidir le reachtaíocht náisiúnta a chinn cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin a bheith comhsheasmhach le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

*An dara agus an tríú ceist*

79 Lena dara agus lena tríú ceist, a dhéanfar a mheas le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus le hAirteagal 47 den Chairt, le léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta lena gceadaítear do chúirt náisiúnta dliteanas araíonachta a thabhú ar an bhforas go bhfuil dlí an Aontais curtha i bhfeidhm ag an gcúirt sin, arna léirmhíniú ag an gCúirt, trí imeacht ó chásdlí cúirte bunreachtúla lena mbaineann, nach bhfuil ag luí le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

80 Mar réamhphointe, is ceart a choinneáil i gcuimhne nach bhfuil Airteagal 47 den Chairt infheidhme, dá bhrí sin, maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí, mar a thugtar faoi deara i mír 36 den bhreithiúnas seo.

81 Mar a luaitear i mír 41 den bhreithiúnas seo, ceanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE nach mór neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcomhlachtaí a bhféadfar iarraidh orthu rialú a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm nó a léirmhíniú a chaomhnú.

82 Leis na ráthaíochtaí sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, glactar leis go bhfuil rialacha ann lena gcuirtear deireadh le haon amhras réasúnach, in intinn daoine aonair, maidir leis an gcomhlacht breithiúnach sin a bheidh gan beann ar thosca seachtracha agus maidir le neodracht an chomhlachta bhreithiúnaigh sin i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034 mír 225 agus an cásdlí a luaitear).

83 Ar bhonn níos sonraí maidir leis an dliteanas araíonachta a d'fhéadfadh breithiúna na ngnáthchúirteanna a thabhú, faoin reachtaíocht náisiúnta atá i gceist, i gcás nach gcomhlíontar cinntí na cúirte bunreachtúla náisiúnta, is fíor nach féidir, go háirithe, cosaint neamhspleáchas na gcúirteanna a bheith de thoradh orthu lena n-eisiatar an fhéidearthacht go hiomlán go bhféadfaí dliteanas araíonachta breithimh a thabhú, i gcásanna eisceachtúla áirithe, mar thoradh ar chinntí breithiúnacha arna nglacadh ag an mbreitheamh sin. Is léir nach mbeartaítear le ceanglas neamhspleáchais den sórt sin tacú le haon iompar tromchúiseach agus doleithscéil go hiomlán ar thaobh na mbreithiúna, arb é a bheadh ann, mar shampla, sárú d'aon ghnó agus gníomhú de mheon mímhacánta nó mar thoradh ar mhórfhaillí atá thar a bheith tromchúiseach, ar rialacha an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais Eorpaigh lena bhfuil siad ceaptha comhlíontacht a áirithiú, nó ag gníomhú go treallach nó ag diúltú an cheartais, nuair a iarrtar orthu, mar chaomhnóirí an dualgais chun rialú a thabhairt ar dhíospóidí, ar tugadh os a gcomhair ag daoine aonair (breithiúnais an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 137, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 238).

84 Mar sin féin, is cosúil go bhfuil sé riachtanach, chun neamhspleáchas na gcúirteanna a chaomhnú agus chun cosc a chur ar an gcóras araíonachta a atreorú óna aidhmeanna dlisteanacha agus é a úsáid chun críocha rialú polaitiúil ar chinntí breithiúnacha nó brú ar bhreithiúna, nach féidir dliteanas araíonachta a fhorchur ar thaobh an bhreithimh mar gheall ar chinneadh breithiúnach a bheith ina earráid fhéideartha i léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm rialacha an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais, nó i measúnú na bhfíoras agus i measúnú na fianaise, ann féin (breithiúnais an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 138, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 239).

85 Ina theannta sin, toisc go bhfuil cosaint ag breithiúna náisiúnta ar imeachtaí nó bearta araíonachta mar thoradh ar a gceart i leith tarchur chun réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais faoi Airteagal 267 CFAE, a thagann faoina ndlínse amháin, is ráthaíocht é sin freisin a bhaineann go dlúth lena neamhspleáchas (breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 227 agus an cásdlí a luaitear).

86 Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí dliteanas araíonachta breithimh mar thoradh ar chinneadh breithiúnach a theorannú do chásanna atá go hiomlán eisceachtúil, amhail na cásanna dá dtagraítear i mír 83 den bhreithiúnas seo, agus go ndéanfaí é a rialú, ina leith sin, de réir critéir oibiachtúla infhíoraithe a bhaineann leis na ceanglais maidir le dea-riarachán an cheartais, agus le ráthaíochtaí atá ceaptha chun aon bhaol brú sheachtraigh ar ábhar na gcinntí breithiúnacha a sheachaint agus, dá bhrí sin, aon amhras réasúnach, in intinn daoine aonair maidir leis na breithiúna lena mbaineann a bheidh gan beann agus maidir le neodracht na mbreithiúna sin i ndáil leis na leasanna a thugtar os a gcomhair (breithiúnais an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19, EU:C:2021:596, mír 139, agus an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 240).

87 Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 2 agus an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta faoina bhféadfaí cúirt náisiúnta a chur faoi dhliteanas araíonachta mar gheall ar aon mhainneachtain i leith cinntí na cúirte bunreachtúla náisiúnta a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 242).

88 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist, bheadh reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta a bhaineann an bonn de neamhspleáchas breithiúna náisiúnta ar neamhréir le prionsabail an chomhionannais idir na Ballstáit agus le prionsabal an chomhair dhílis idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, a aithnítear le hAirteagal 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais i gcás ina dtabhaíonn breitheamh náisiúnta dliteanas araíonachta ar an bhforas gur dhiúltaigh sé éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann, lenar dhiúltaigh an chúirt sin éifeacht a thabhairt do réamhrialú ón gCúirt.

89 Tá an léirmhíniú sin níos riachtanaí fós ós rud é gur dócha go neartóidh tabhú dliteanais araíonachta den sórt sin ar thaobh an bhreithimh náisiúnta nach bhfuil ceanglais dhlí an Aontais comhlíonta ag rialacha náisiúnta Ballstáit, rud a thugann le fios nach bhfuil sé de chumhacht ag gnáthchúirteanna Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais a chinn cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin trí dhiúltú éifeacht a thabhairt do réamhrialú ón gCúirt Bhreithiúnas, a bheith i gcomhréir le foráil bhunreachtúil náisiúnta lena

bhforáiltear do thosaíocht dhlí an Aontais (féach, de réir analaí, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotions agus Eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, mír 259).

90 Ina theannta sin, cé gur luaigh Rialtas na Rómáine ag an éisteacht nach ndearnadh aon phionós a fhorchur de bhun na forála reachtaíochta náisiúnta lena mbaineann an dara agus an tríú ceist, ní mór a choinneáil i gcuimhne go bhféadfar brú a chur orthu siúd a bhfuil sé de chúram orthu breithniú a dhéanamh, dá bhrí sin, fiú más dócha go ndéanfar imscrúdú araíonachta a thionscnamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 18 Bealtaine 2021, *Asociația "Forumul Judecătorilor din România" agus Eile*, C-83/19, C-127/19, C-195/19, C-291/19, C-355/19 agus C-397/19, EU:C:2021:393, mír 199).

91 Ní léirítear leis an bhfaisnéis san iarraidh ar réamhrialú, áfach, go bhfuil dliteanas na ngnáthchúirteanna náisiúnta mar thoradh ar neamhchomhlíonadh chinntí den Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil), dá bhforáiltear in Airteagal 99(ș) de Ghníomh Uimh. 303/2004, faoi réir coinníollacha lena n-áirithítear go bhfuil sé teoranta do na cásanna fíoreisceachtúla dá dtagraítear i mír 83 den bhreithiúnas seo, mar a cheanglaítear leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, mar a shonraítear i míreanna 84 agus 86 den bhreithiúnas seo.

92 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, i mír 241 de bhreithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus Eile* (C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034), gur chinn an Chúirt cheana féin nach raibh sé soiléir ó na hiarrataí ar réamhrialú sna cásanna is cúis leis an mbreithiúnas sin go raibh an dliteanas sin teoranta do chásanna den sórt sin.

93 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar an dara agus ar an tríú ceist ná nach mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú mar chosc ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta lena gceadaítear do chúirt náisiúnta dliteanas araíonachta a thabhú ar an bhforas go bhfuil dlí an Aontais, arna léirmhíniú ag an gCúirt, curtha i bhfeidhm ag an mbreitheamh, trí imeacht ó chásdlí chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann.

**Costais**

94 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Ní mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú amhail go gcuirtear bac léi ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta lena dtugtar le tuiscint nach bhfuil sé de chumhacht ag gnáthchúirteanna Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais a chinn cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin a bheith comhsheasmhach le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.**

2. **Ní mór an dara fomhír d’Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú amhail go gcuirtear cosc ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta lena gceadaítear do chúirt náisiúnta dliteanas araíonachta a thabhú ar an bhforas go bhfuil dlí an Aontais, arna léirmhíniú ag an gCúirt, curtha i bhfeidhm ag an gCúirt, trí imeacht ó chásdlí chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann.**

Sínithe